**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2022/2121(DEC)**

2.3.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) don bhliain airgeadais 2021
(2022/2121(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Saskia Bricmont

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal leis gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt') go bhfuil na hidirbhearta is bonn le cuntais bhliantúla Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) don bhliain airgeadais 2021 dlíthiúil agus rialta i ngach gné ábhartha; á mheabhrú gur mhéadaigh buiséad na Gníomhaireachta in 2021 go EUR 178 milliún (+12.41%) agus gur mhéadaigh a baill foirne ó 884 go 979 (+10,75%) laistigh den tréimhse chéánna;

2. á chur in iúl gur geal leis bunú Líonra Saineolaithe Europol um Chosaint Sonraí (EDEN), a úsáidtear mar bhealach chun tionscadail, dea-chleachtais agus imeachtaí a bhaineann le cosaint sonraí a chur i láthair i gcomhthéacs fhorfheidhmiú an dlí;

3. á chur in iúl gur geal leis síniú meabhráin tuisceana leis an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, a chuideodh le comhlíonadh na gceart bunúsach ag Europol a chinntiú;

4. á thabhairt dá haire na barúlacha a tuairiscíodh maidir le córais bhainistíochta agus rialaithe, eadhon an measúnú a rinne an Ghníomhaireacht ar dhá chás ina raibh coinbhleacht leasa fhéideartha i ndáil le bainisteoir sinsearach amháin ag dul i mbun poist in áit eile; á chur in iúl gur cúis imní dó gur chinn an Chúirt, sa chás a ndearna sí athbhreithniú air, nár eisigh Europol a chinneadh laistigh den sprioc-am atá leagtha síos in Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne agus, dá bhrí sin, gur údaraigh sé go héifeachtach don duine lena mbaineann glacadh leis an bpost nua gan aon srianta agus de shárú ar an alt thuasluaite; á thabhairt dá haire gealltanas Europol a nósanna imeachta a oiriúnú chun an cinneadh a chur in iúl laistigh de na hamlínte is infheidhme; á thabhairt dá haire, ina theannta sin, de réir fhreagra Europol, go raibh measúnú ex-post déanta ag an nGníomhaireacht agus gur mheas sí nach raibh an eagraíocht neamhchosanta ar staid coinbhleachta leasa; á chur in iúl gur geal leis go bhfuil Europol ar cheann de naoi ngníomhaireacht dhíláraithe de chuid an Aontais a bhfuil forálacha sonracha acu lena gclúdaítear an riosca a bhaineann le cásanna 'dorais imrothlaigh' maidir le comhaltaí a bhoird agus á iarraidh go gcuirfí forálacha den sórt sin chun feidhme go hiomlán chun aon chás 'dorais imrothlaigh' a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a chosc;

5. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní dó, go bhfuil an tuairim ón gCúirt inar cuireadh i bhfios go láidir gur eisigh an Ghníomhaireacht íocaíochtaí déanacha i 33% de na cásanna in 2020 fós ag dul ar aghaidh; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur tugadh faoi deara, de réir na Cúirte, leibhéil chomhchosúla de mhoilleanna sna blianta roimhe sin; á chur in iúl go bhfuil sé ar aon intinn leis an gCúirt go bhfuil rioscaí do chlú Europol de bharr na laigí athfhillteacha seo; á thabhairt dá haire, áfach, gur laghdaíodh moilleanna íocaíochta go 8% in 2021; á chur in iúl gur geal leis go bhfuil barúlacha na Cúirte ó 2018 agus 2019 maidir le bainistiú conartha agus rialuithe ex-ante curtha i gcrích; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá cuid iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar na barúlacha uile ón gCúirt;

6. á thabhairt dá haire gur iarr an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí (MECS) an 16 Meán Fómhair 2022 go ndéanfadh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh dhá fhoráil de Rialachán leasaithe Europol a neamhniú, eadhon Airteagail 74a agus 74b, ag áitiú go mbainfí go mór de dheimhneacht dhlíthiúil shonraí phearsanta daoine aonair agus go gcuirfí neamhspleáchas MECS i mbaol mar gheall orthu; á thabhairt chun suntais gur ar na comhreachtóirí agus ar an gCúirt a bhfuil an fhreagracht maidir le dlíthiúlacht na n-Airteagal sa Rialachán lena sonraítear sainordú agus sainchumais na Gníomhaireachta, nuair a dhéantar agóid i gcoinne forálacha áirithe agus á thabhairt dá haire go bhfuil Catagóir Ábhar Sonraí (DSC) sannta do gach ranníocaíocht a rinneadh roimh theacht i bhfeidhm Rialachán leasaithe Europol idir an dá linn; á athdhearbhú, áfach, an cúis is mó imní dó maidir leis an tionchar ar chearta bunúsacha daoine aonair san fhiosrúchán faoin 'mórdhúshlán sonraí', i gcinneadh agus in ord rabhaidh;

7. á thabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, na tuarascálacha faoin gcomhoibriú idir Europol agus Frontex i réimse oibríochtaí na ngardaí teorann, go háirithe i gcomhthéacs chlár PeDRA Frontex 'Próiseáil Sonraí Pearsanta le haghaidh Anailís Riosca'[1]. á mheabhrú go bhfuil an comhar idir Europol agus Gníomhaireachtaí CGB eile go hiomlán trédhearcach agus faoi réir creata leordhóthanacha maoirseachta agus cuntasachta arna áirithiú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht bearta a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán rialacha trédhearcachta an Aontais mar aon le cearta bunúsacha, go háirithe le caighdeáin cosanta sonraí agus cuntasacht, lena n-áirítear agus í ag comhoibriú le Gníomhaireachtaí agus comhpháirtithe CGB eile; á mheas go rannchuidítear le nochtadh cruinnithe agus idirghníomhaíochtaí idir an Ghníomhaireacht agus tríú páirtithe nuair is féidir é sin a áirithiú gan dochar dá gníomhaíochtaí oibríochtúla, trédhearcacht a áirithiú; á chur in iúl gur geal leis ceapachán tapa Oifigeach Europol um Chearta Bunúsacha, post a tugadh isteach leis na leasuithe ar Rialachán Europol a tháinig i bhfeidhm an 28 Meitheamh 2022;

8. á chur in iúl gur cúis imní dó é go háirithe gearán aonair amháin a cuireadh faoi bhráid MECS i gcoinne Europol maidir le rochtain ar shonraí pearsanta a dhiúltú; á thabhairt dá haire gur eisigh MECS cinneadh lena n-ordaítear do Europol cloí leis an iarratas ón ábhar sonraí dhá bhliain i ndiaidh an gearán a thabhairt isteach tar éis na malartuithe idir MECS agus Europol; á iarraidh ar Europol tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh faoi dhul chun cinn na staide sin agus a chuid oibleagáidí maidir le cosaint sonraí pearsanta a chomhlíonadh go hiomlán;

[1] https://balkaninsight.com/2022/07/07/eus-frontex-tripped-in-plan-for-intrusive-surveillance-of-migrants/

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 1.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 52<br>–: 0<br>0: 12 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Patricia Chagnon, Caterina Chinnici, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Nuno Melo, Maite Pagazaurtundúa, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Jadwiga Wiśniewska, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, Loucas Fourlas, Beata Kempa, Philippe Olivier, Dragoş Tudorache, Petar Vitanov, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gheorghe Falcă, Jean-François Jalkh, Petra Kammerevert, Marisa Matias, Martina Michels, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Mick Wallace, Bernhard Zimniok |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 52 | + |
|---|---|
| ID | Susanna Ceccardi, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche |
| EPP | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Gheorghe Falcă, Loucas Fourlas, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Nuno Melo, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Tomas Tobé, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Yana Toom, Dragoş Tudorache |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Petra Kammerevert, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Birgit Sippel, Petar Vitanov |
| An Chlé | Marisa Matias, Martina Michels |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 0 | - |
|---|---|
| | |

| 12 | 0 |
|---|---|
| CLE | Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska |
| ID | Patricia Chagnon, Jean-François Jalkh, Philippe Olivier, Bernhard Zimniok |
| NI | Milan Uhrík |
| An Chlé | Clare Daly, Mick Wallace |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh